An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# Ceapachán Ceathrar Gnáthchomhaltaí de Choiste Oideachais agus Oiliúna alt 16 de chuid an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí

| | |
|---|---|
| **Láthair:** | Cruinnithe cianda agus cruinnithe pearsanta. De ghnáth, cuirfear na cruinnithe pearsanta ar siúl in oifig ÚRSD i mBóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7. |
| **Luach Saothair:** | €5,985 in aghaidh na bliana.<br>Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeidh aon fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá ann cheana i dteideal luach saothair a fháil i leith an róil seo, ar aon dul leis an bprionsabal “Duine Amháin, Tuarastal Amháin”.<br>Tá taisteal agus cothú iníoctha ag rátaí státseirbhíse cuí. |
| **Riachtanais Ama:** | Beidh na riachtanais ama ag brath ar ualach oibre Choiste alt 16. Meastar go mbeidh idir deich gcruinniú agus 15 chruinniú ag teastáil thar thréimhse cúig mhí dhéag. Beidh sé riachtanach am breise a chur i leataobh roimh na cruinnithe chun léitheoireacht ullmhúcháin a dhéanamh. |
| **An Líon Folúntas:** | Ceithre |

## 1. Cúlra

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí, ÚRSD, faoin Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (“Acht 2015”), mar chomhlacht reachtúil neamhspleách nua atá freagrach as an soláthar seirbhísí dlí ag dlí-chleachtóirí (aturnaetha agus abhcóidí araon) a rialáil agus as a chinntiú go ndéantar caighdeáin a chothabháil agus a fheabhsú sa dóigh a soláthraítear seirbhísí den sórt sin sa Stát. Tá roinnt feidhmeanna eile ag an Údarás, a dtugtar achoimre orthu thíos. Ba cheart d’iarratasóirí Acht 2015 a léamh chun sonraí iomlána a fháil. Bunaíodh an tÚdarás go foirmiúil an 1 Deireadh Fómhair 2016.

## 2. Feidhmeanna ÚRSD

Cuireann an tÚdarás na feidhmeanna sonracha seo a leanas i gcrích mar chuid den ról atá aige:

(1) Na nithe seo a leanas a choimeád faoi athbhreithniú, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire ina leith:

a. na ceanglais maidir le glacadh atá ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí;

b. infhaighteacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear oiliúint leanúnach le haghaidh ghairmeacha na n-aturnaetha agus na n-abhcóidí;

c. na beartais atá i bhfeidhm ag an Dlí-Chumann, ag Comhairle an Bharra agus ag Cumann Onórach Óstaí an Rí i dtaca leis an iontráil agus/nó an teidlíocht chun cleachtadh;

d. cóid ghairmiúla;

e. mar a eagraítear soláthar seirbhísí dlí sa Stát.

(2) Faisnéis a scaipeadh maidir leis na ceanglais oideachais agus chreidiúnaithe agus na nithe eile dá dtagraítear thuas a mhéid is cuí le ÚRSD.

(3) An cineál agus na leibhéil íosta árachais slánaíochta gairmiúla a theastaíonn a shonrú.

(4) Córas iniúchta ar dhlí-chleachtóirí a bhunú agus a riaradh chun críocha an Achta.

(5) Gearáin in aghaidh dlí-chleachtóirí a ghlacadh agus a imscrúdú.

(6) Rolla na n-abhcóidí cleachtacha a bhunú agus a chothabháil.

(7) Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.

(8) An tAire Dlí agus Cirt a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí, lena n-áirítear costas na seirbhísí sin.

(9) An tAire a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le soláthar seirbhísí dlí agus moltaí a dhéanamh chun cuidiú leis an Aire chun beartas a chomhordú agus a fhorbairt.

(10) Tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile maidir le soláthar seirbhísí dlí a ghabháil de láimh, a choimisiúnú, nó cúnamh a thabhairt ina leith, is tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí eile a fhéadfaidh feabhsú ar chaighdeáin le haghaidh sholáthar na seirbhísí sin agus feasacht an phobail ina dtaobh a chur chun cinn, agus moltaí a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt.

(11) Aon fheidhmeanna eile a thugtar dó leis an Acht seo nó le rialacháin arna ndéanamh faoi a chomhlíonadh.

## 3. Feidhmeanna Choiste Oideachais agus Oiliúna alt 16

Is é is Coiste Oideachais agus Oiliúna alt 16 ann ná coiste de chuid an Údaráis a bunaíodh faoi alt 16 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 (arna leasú), chun cabhrú leis an Údarás feidhmeanna a chomhlíonadh a bhaineann leis an oideachas agus an oiliúint dlí-chleachtóirí.

Is é a bheidh sa phríomhról a bheidh ag Coiste Oideachais agus Oiliúna alt 16 ná cabhrú leis an obair ullmhúcháin le haghaidh sholáthar na bpríomh-mholtaí a rinne an tÚdarás sa tuarascáil uaidh don Aire dar teideal *"Caighdeáin a Shocrú: An tOideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí'.*

Is féidir an tuarascáil iomlán a fháil anseo:

https://www.lsra.ie/wp-content/uploads/2020/11/Section-34-ET-Final-Report-to-Minister.pdf

Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí moladh sa tuarascáil uaidh dar teideal "Caighdeáin a Shocrú: An tOideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí" gur cheart Coiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí a bhunú chun na feidhmeanna seo a leanas a fheidhmiú:

- *An Creat Inniúlachta um an oideachas agus an oiliúint a chuirtear ar dhlí-chleachtóirí a shocrú;*
- *Tacar coiteann inniúlachtaí agus caighdeán a fhorbairt don ghlacadh isteach in oiliúint ghairmiúil dlí;*
- *A chinntiú go gcloífidh soláthraithe reatha oideachais agus oiliúna dlí ar bhonn leanúnach leis na caighdeáin a éilítear leis an gCreat Inniúlachta;*
- *Soláthraithe nua oideachais agus oiliúna dlí a mhionscrúdú agus a chreidiúnú ar bhonn critéar socraithe arna mbunú ag an gCoiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí;*
- *Faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an oideachais agus na hoiliúna dlí;*
- *Nuálaíocht a spreagadh i soláthar an oideachais agus na hoiliúna dlí;*
- *Éagsúlacht a spreagadh san oideachas agus an oiliúint dlí;*
- *Caidreamh a dhéanamh le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus an oiliúint dlí.*

Ag teacht sna sála ar chaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus ar an gcur chuige beartaithe a bheith ceadaithe ag an Rialtas, ghabh an tÚdarás air féin coiste de chuid an Údaráis a bhunú faoi alt 16 den Acht chun an creat agus na próisis is gá a chur i bhfeidhm chun ullmhú do thabhairt isteach an Choiste reachtúil um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí.

Tabharfaidh Coiste Oideachais agus Oiliúna alt 16 faoi na príomhréimsí seo a leanas d'obair ullmhúcháin le haghaidh thabhairt isteach an Choiste um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí:

- Creataí inniúlachta d'aturnaetha agus d'abhcóidí a fhorbairt mar bheart tosaíochta agus i gcomhairle le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, le comhlachtaí atá ann cheana (an Dlí-Chumann, Óstaí an Rí, etc.) agus le príomh-gheallsealbhóirí eile.

- Forbairt a dhéanamh ar na próisis lena gcumasófaí Coiste reachtúil um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí, a luaithe a bheidh an reachtaíocht is gá tosaithe, chun soláthraithe oideachais agus oiliúna dlí atá nua agus atá ann cheana a chreidiúnú.

- Scrúdú a dhéanamh ar na hacmhainní a theastaíonn ón gCoiste reachtúil um an Oideachas agus an Oiliúint Dlí-Chleachtóirí, agus tuarascáil lena ngabhann moltaí a chur isteach chuig an Aire maidir le samhail bheartaithe cistiúcháin.

Ní mór an clár dúshlánach oibre sin a chur i gcrích, agus ní mór na tuarascálacha iomchuí a chur isteach chuig an Aire, laistigh de 15 mhí ó bhunú Choiste alt 16.

Éileofar ar Choiste alt 16 freisin cabhrú leis an Údarás maidir leis an bPlean Forfheidhmithe um Bacainní a Shárú a sholáthar, rud is féidir a fháil anseo: [https://www.lsra.ie/wp-content/uploads/2024/10/LSRA-Barriers-Report-Implementation-Plan-FINAL.pdf](https://www.lsra.ie/wp-content/uploads/2024/10/LSRA-Barriers-Report-Implementation-Plan-FINAL.pdf)

## 4. Sonraíocht faoin bPearsa

Iarrann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus an taithí chuí acu ar a gceapadh chuig na poist do ghnáthchomhaltaí ar Choiste Oideachais agus Oiliúna Alt 16 de chuid ÚRSD.

Le linn comhaltaí a cheapadh chun bheith ina gcomhaltaí de Choiste Oideachais agus Oiliúna alt 16, ní mór don Údarás a bheith deimhin de go bhfuil na comhaltaí sin neamhspleách ar na comhlachtaí gairmiúla a shainítear le hAcht 2015, i.e., an Dlí-Chumann, Cumann Onórach Óstaí an Rí agus Comhairle an Bharra.

Ní mór do gach iarrthóir freisin a thaispeáint go bhfuil eolas acu, agus go bhfuil saineolas acu ar leibhéal sinsearach cuí, ar cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

i. ardoideachas, nó oiliúint a chur ar chomhaltaí de ghairm;
ii. oideachas agus oiliúint a dhearadh agus a sholáthar agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh ina leith;
iii. caighdeáin a chothabháil i ngairmeacha a ndéanann comhlacht reachtúil rialáil orthu;
iv. iniúchtaí a dhéanamh;
v. seirbhísí dlí a sholáthar;
vi. na riachtanais atá ag tomhaltóirí seirbhísí dlí; nó
vii. nithe gnó agus tráchtála.

## 5. Téarma Ceapacháin

Beidh comhalta de Choiste alt 16 i seilbh oifige ar feadh tréimhse 15 mhí ó dháta a cheaptha nó a ceaptha agus is féidir go mbeidh sé nó sí incháilithe le haghaidh athcheapadh mar chomhalta faoi réir cead agus ceadú cuí a bheith faighte ón Roinn Dlí agus Cirt agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

## 6. D'Iarratas a Chur Isteach

Ba cheart iarratais a chur isteach go leictreonach le ríomhphost chuig recruit@lsra.ie. Is é **meán lae (12pm) an 7 Márta 2025** an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais.

Cuir an méid seo a leanas isteach:

- ***Litir chumhdaigh nach mó ná dhá leathanach A4 ina gcuirfear in iúl do spéis sa ról agus ina dtabharfar breac-chuntas ar d'oiriúnacht agus do thaithí ábhartha don ról, de réir na sonraíochta thuas.***
- ***Agus CV mionsonraithe tacaíochta nach mó ná ceithre leathanach A4.***

Ní mór d'iarrthóirí teidlíocht dhlíthiúil a bheith acu i leith obair in Éirinn tráth an iarratais.

Ní mór d'iarrthóirí fianaise a thabhairt á léiriú go bhfuil siad neamhspleách ar na comhlachtaí gairmiúla a shainítear le hAcht 2015, i.e., an Dlí-Chumann, Cumann Onórach Óstaí an Rí agus Comhairle an Bharra.

Ní bhreithneofar ábhar atá curtha isteach atá de bhreis ar na riachtanais thuas.

Ní ghlacfar le hiarratais atá déanach nó neamhiomlán in aon imthosca.

Is ar na hiarratasóirí atá sé a chinntiú gur chuir siad a n-iarratais isteach i gceart.

**NÓTA TÁBHACHTACH**

Agus tú ag cur do léirithe spéise isteach, déan cinnte de go sonraítear go soiléir i do Litir Chumhdaigh (agus i do CV tacaíochta) conas a chomhlíonann do chúlra agus do thaithí ar leith na riachtanais de chuid Choiste Oideachais agus Oiliúna alt 16 atá fógartha sa leabhrán seo, go ndeimhnítear go soiléir iontu go bhfuil tú ar fáil chun tabhairt faoin obair, agus go sonraítear go soiléir iontu do staid maidir le neamhspleáchas ar na comhlachtaí gairmiúla agus maidir le haon choinbhleacht leasa.

Cabhróidh sé sin lena chinntiú go mbeidh an Painéal Measúnachta chomh heolach agus is féidir maidir leis an mbunús do d'iarrthóireacht agus maidir le cén fáth a gcreideann tú gur duine thú a d'fhéadfaí a cheapadh chuig Coiste Oideachais agus Oiliúna alt 16.

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin bpróiseas, seol ríomhphost chuig recruit@lsra.ie

## 7. An Próiseas Measúnachta

Tionólfaidh ÚRSD Painéal Measúnachta (an "Painéal") a dhéanfar breithniú agus measúnú ar na hiarratais arna bhfáil.

Déanfaidh an Painéal na nithe seo a leanas:

- na léirithe spéise arna bhfáil a athbhreithniú agus a phlé in aghaidh na gcritéar ceapacháin sonrach don ról, faoi mar atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise seo;

- iarrthóirí féideartha a mheasúnú tuilleadh, a luaithe a chomhlíonann siad na critéir cheapacháin shonraithe, trí cheann ar bith nó gach ceann de na bearta seo a leanas a dhéanamh:

    I. Breithniú a dhéanamh ar na hiarratais i scríbhinn;
    II. agus/nó agallamh/cruinniú/glao comhdhála; agus/nó
    III. Seiceálacha teistiméirí; agus/nó
    IV. Aon mhodh roghnúcháin nó fíorúcháin eile a mheasfar a bheith cuí.

- gearrliosta a chur le chéile de na hiarrthóirí is cuícháilithe (bunaithe ar an bhfaisnéis arna tabhairt ag an iarrthóir) atá le ceapadh ag an Údarás.

Tabhair faoi deara nach mbeidh freagracht ar ÚRSD as aon speansais arna dtabhú ag iarrthóirí mar chuid dár bpróiseas roghnúcháin.

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar an t-iarratasóir má thugann siad faoi chanbhasáil ar son nó thar ceann iarratasóra agus go n-eisiafar an t-iarratasóir sin ón bpróiseas dá dheasca sin.**

**8. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, caithfear le hiarratais i modh rún daingean. Caitear i modh rúin le haon fhiosruithe, iarratais agus gnéithe de na himeachtaí agus ní nochtar iad d'aon duine, seachas na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas.

**9. Cosaint Sonraí**

Is de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, a phróiseálfaidh ÚRSD aon sonraí pearsanta arna dtabhairt agat mar chuid d'iarratas ar an ról seo.

Má chuireann tú do shonraí pearsanta isteach lena mbreithniú faoin bpróiseas measúnachta seo (lena n-áirítear d'ainm, do sheoladh, do mhionsonraí teagmhála agus na mionsonraí faoi do stair oideachais agus oibre arna dtabhairt i do curriculum vitae agus do litir chumhdaigh mar chuid den phróiseas iarratais), beidh tú á aithint go bhféadfaidh ÚRSD agus na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bpróiseas measúnachta úsáid a bhaint as na sonraí sin chun cabhair agus comhairle a thabhairt don Údarás maidir leis an gceapadh chuig an gCoiste um Ghearáin.

Ní choinneofar na sonraí ar feadh tréimhse is faide ná is gá chun na gcríoch a bhfuil na sonraí sin le próiseáil ina leith, agus coinneofar iad ar bhealach lena gcinnteofar slándáil chuí na sonraí, lena n-áirítear próiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach sonraí.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil anseo.

**Eanáir 2025**